Polasaí um Thaithí Oibre don Idirbhliain

Ráiteas

Cuimsíonn Coláiste an Phiarsaigh taithí oibre chuí mar ghné lárnach den Idirbhliain.

Aidhm

Scoláirí a chur ar an eolas faoi thaithí oibre / scáthfhoghlaim oibre laistigh de chreat maoirsithe, a chuireann cuspóirí foghlama agus measúnú ar fáil chomh maith le haiseolas réadúil dearfach.

Sainmhínithe

Taithí Oibre:
Is éard atá i gceist ná am a chaitheamh in ionad oibre fostóra, ag déanamh tascanna agus dualgais, chun léargas a fháil ar róil a bhaineann le post ar leith.

Scáthfhoghlaim Oibre:
Is éard atá i gceist ná dul in éineacht le fostaí agus breathnú ar a chuid oibre seachas páirt a ghlacadh i dtascanna. Foghlaimíonn an scoláire faoin ról trí bhreathnóireacht seachas trí dhéanamh.

Aidhmeanna

- Tuiscint a fháil ar ghnéithe éagsúla shaol na hoibre.
- Scileanna cuardaigh poist a fhorbairt.
- Saol na hoibre a chur in aithne do scoláirí.
- Cabhrú le forbairt phearsanta agus shóisialta.
- Léargas a thabhairt ar roghanna gairme.
- Féinmhuinín an scoláire a mhéadú agus iad ag cur isteach ar fhostaíocht.

Cuspóirí

- Cuspóir na taithí oibre a shoiléiriú.
- Taithí oibre a chomhtháthú san Idirbhliain.
- Freagracht as eagrú na taithí oibre a shannadh don chomhordaitheoir.
- Cinntigh go bhfuil gach páirtí leasmhara ar an eolas.
- Cáipéisíocht shoiléir *chomhsheasmhach* a choinneáil.
- Scoláire a ullmhú roimh an socrúchán. (Comhordaitheoir IB, Múinteoir Bliana & Roinn Treorach)
- Monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar scoláirí.
- Measúnú a dhéanamh ag leibhéal an scoláire, an fhostóra agus na múinteoirí.
- Meastóireacht a chomhtháthú sa chlár thaithí oibre.

Páirtithe Leasmhara

I measc na bpáirtithe:

- Marsh Ireland Brokers Ltd.
- Tuismitheoirí/Caomhnóirí
- Scoláirí
- Fostóirí
- Comhordaitheoir Idirbhliana
- Múinteoir Bliana
- An Príomhoide & An Leas-Phríomhoide
- Bord Bainistíochta

Nósanna Imeachta maidir le Taithí Oibre

Tráthchlár agus Leagan Amach

Idirbhliain:
Socrúchán 2 seachtaine — Coicís roimh an Bhriseadh Lár-théarma – Mí Feabhra

Cuirtear dátaí ar fhéilire na scoile agus cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí ar an eolas.

Is ar na scoláirí atá sé socrúchán a aimsiú.

- Faigheann tuismitheoirí/caomhnóirí eolas ag cruinniú IB le linn na tríú bliana.
- Tacaíonn an comhordaitheoir le socrúcháin.
- Eisítear litir mholta chuig fostóirí.

Doiciméid Riachtanacha

Cuirtear ar fáil:

- Litir árachais
- Litir aitheantais
- Cárta láithreachais
- Foirm mheastóireachta fostóra

Ní mór foirm eolais a líonadh roimh thús an tsocrúcháin. (ag tabhairt sonraí ionaid, srl.)

Socrúcháin le Riachtanais Bhreise

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach:

- Garchabhair (cúrsa bunúsach déanta roimh imeacht ar shocrúcháin)
- Safe Pass (dualgas an dalta)
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (má bhíonn leanaí / daoine leochaileacha i gceist)

Iompar an Scoláire

- Bíonn cód iompair na scoile i bhfeidhm.
- Cloí le rialacha an fhostóra.
- Freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama.

Socrúcháin Chuí

Moltar nach mbeadh sé:

- I ngnó teaghlaigh
- I bpost páirtaimseartha
- I bhfoirgneamh na scoile

Tá obair ar láithreáin tógála toirmiscthe mura bhfuil Safe Pass déanta.

Ullmhúchán Roimh Ré

Déanann scoláirí:

- A scileanna a aithint
- Taighde gairme
- Socrúcháin a lorg
- Ionchais fostóra a thuiscint

Cumarsáid le Foireann

Cuirtear liosta socrúchán go dtí an fhoireann trí ríomhphost.

Scoláirí le Riachtanais Breise Oideachais (RBO)

- Cuirtear fostóirí ar an eolas más gá.
- Féadfaidh Cúntóir Riachtanas Speisialta freastal.
- Is féidir cruinniú leis an bPríomhoide a shocrú.

Sláinte & Sábháilteacht

- Tá freagracht ar an scoil agus ar an bhfostóir.
- Cloí leis an Acht um Chosaint Daoine Óga (1996).

Ullmhúchán Oideachasúil

Clúdaítear:

- Taighde gairme
- CV
- Scileanna agallaimh
- Litreacha/ foirm iarratais a líonadh
- Sábháilteacht
- Meastóireacht

Tugtar aoichainteoirí isteach.

Monatóireacht

- Cumarsáid le fostóirí - glaonna gutháin/ríomhphost,srl.

Íocaíocht

Ní gá do fhostóirí pá ná costais a íoc.

Rúndacht

Ní mór rúndacht a urramú. Pléitear imní leis an gcomhordaitheoir amháin.

Iardhearcadh/Measúnú

Scoláire

Déanann siad féinmheasúnú agus cuirtear i gcomparáid le measúnú an fhostóra é.

Comhlánaíonn scoláirí punann bunaithe ar:

- Tascanna
- Dúshláin
- Róil
- Iardhearcadh

Fostóirí

Comhlánaíonn siad bileog mheastóireachta/freagairt ríomhphoist/glaoigh.

Freagrachtaí na Scoláirí

- Bheith in am
- Asláithreacht a chur in iúl
- Rialacha a leanúint
- Treoirlínte sábháilteachta a chomhlíonadh
- Dea-cháil na scoile a chosaint
- Meas a léiriú
- Fadhbanna a thuairisciú
- Tacaíocht a lorg más gá
- Gan gadaíocht ná cur isteach ar threalamh

Má Thagann Fadhb Chun Cinn

1. Má tá an scoláire tinn

Déan teangmháil leis an bhfostóir agus leis an scoil, chomh luath agus is féidir.

2. Gníomhaíocht scoile

Cuirtear an fostóir ar an eolas roimh ré.

3. Míshástacht leis an obair

Cuir in iúl don chomhordaitheoir (gan dul díreach chuig an bhfostóir).

4. Míshástacht an fhostóra

Cruinniú leis an scoláire; féadfar an socrúchán a chur ar ceal.

Teagmháil Éigeandála

Sa chás go mbeadh éigeandáil ba chóir teagmháil a dhéanamh leis na daoine curtha ar liosta uimhreacha teileafóin seo a leanas.

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe – Príomhoide na Scoile
Micheal Ó Tuama
motuama@colanphiarsaigh.ie
+353214821955 / +353214824168

Leas Duine Idirchaidrimh Ainmnithe – Leas-Phríomhoide na Scoile
Liam Ó Laighin
lolaighin@colanphiarsaigh.ie
+353214821955

Seoladh r-phost na scoile
oifig@colanphiarsaigh.ie

Ruairí ó Cathain 7-05-26